Focal id' Chluais.

A word in your ear. Feabhra'10.

Naomh Vailintín.

Lá Fháile: an 14ú lá Feabhra **Fuair sé bás:** 269

Ar fud na tíre gach Feabhra, tugann leannáin bronntanais, seacláidí agus bláthanna dá chéile ar Lá Naomh Vailintín. Ach cé hé an Naomh rúndiamhair seo agus cén fáth go ndeintear an lá seo a cheiliúradh. Níl mórán eolais ar fáil faoi Naomh Vailintín ná faoi stair a lá féile. Tá sé soiléir go bhfuil baint ag rómáns le mí Feabhra. Tá traidisiúin Críostaí agus Rómhánach ag baint le Lá Vailintín mar a aithnímid inniu é. Mar sin cérbh é Naomh Vailintín agus cén bhaint a bhí aige leis na traidisiúin deasghnátha. Sa lá atá inniu ann aithníonn an Eaglais trí Naomh leis an ainm Vailintín nó "Valentinus", an triúr acu Martraithe. De réir finscéal amháin bhí Vailintín ina shagart le linn na tríú haoise sa Róimh. Nuair a dhein an tImpire Claudius II cinneadh go mbeadh fir aonarach ina saighdiúirí níos fearr ná fir pósta le clainne, chuir sé bac ar na fir óga pósadh i dtreo is go mbeidís ar fáil mar shaighdiúirí féideartha. Ní raibh Vailintín sásta leis seo agus lean sé air ag pósadh na leannáin faoi rún. Nuair a fuair Claudius amach go raibh a leithéid ag tarlú d'ordaigh sé go gcuirfí chun báis é. De réir scéalta eile cuireadh chun báis é toisc go raibh sé ag cabhrú le Críostaithe éalú ó na príosúin Rómánacha ina rabhadar céasta agus buailte go minic.

De réir finscéal amháin, is é Vailintín féin a sheol an chéad bheannacht 'vailintín'. Deirtear gur thit sé i ngrá le cailín óg nuair a bhí se i bpríosún, cailín a thug cuairt air, b'fhéidir go raibh sí ina hiníon don fear a bhí i bhfeighil an phríosúin. Sar a fuair sé bás deirtear gur scríobh sé litir chuici agus shínigh sé é leis na focail "From your Valentine" abairt a úsáidtear i gcónaí. Níl a fhios againn cé chomh cruinn is atá firinne na finscéalta seo ach léiríonn siad gur duine báúil, laochúil agus rómánsúil é. D'fhógair an Pápa Gelasius an 14ú Feabhra mar Lá Fhéile Vailintín timpeall 498 A.D.

Níos déanaí le linn na Meánaoiseanna creideadh sa Fhrainc agus i Sasana gur ar an 14ú Feabhra a thosnódh séasúr cúpláil na héin agus chuir sé seo leis an smaoineamh gur cóir go mbeadh lá i lár Feabhra mar lá do rómáns, Lá Naomh Vailintín. Sé an vailintín is sine atá ann inniu ná dán a scríobh Charles, Diúc Orleans dá bhean chéile fad is a bhí sé i bpríosún i dTúr Londain tar éis dó a bheith gafa ag Cath Agincourt. Tá an beannú a scríobhadh i 1415 mar chuid den bhailiúchán lámhscríbhinní atá ag Leabharlann na Breataine i Londan, Sasana. Tar éis roinnt blianta creideadh go raibh scríbhneoir dar ab ainm dó John Lydgate fostaithe ag an Rí Anraí V chun vailintín a chumadh do Catherine de Valois. Tosaíodh ag ceiliúradh Lá Vailintín go coitianta i Sasana timpeall an seachtú haois déag. I lár na hochtú haoise déag, ba ghnách do chairde agus do leannáin i ngach aicme shóisialta comharthaí ceana nó nótaí lámhscríofa a mhalartú lena chéile. Ag deireadh na haoise , bhí cártaí clóite á úsáid in ionad na litreacha lámhscríofa de bharr feabhsúcháin teicneolaíochta clódóireachta. Ba shlí simplí é do dhaoine chun a mothúcháin a chuir in iúl dá chéile in am a bhí bac ar a leithéid a dhéanamh. Bhí rátaí poist níos saoire ag an am agus cuidigh sé seo leis an méadú móréileamh ar chártaí Vailintín a sheoladh. Is dóigh gur thosnaigh na Meiriceánaigh ag malartú cártaí vailintín lámhscríofa i dtosach na seachtú haoise déag.

In 1840, thosnaigh Esther A. Howland ag díol cártaí Vailintín olltáirgthe i Meiriceá. De réir an Cumann Cártaí Beannachta, seoltar billiún cártaí vailintín gach bhliain agus seoltar 2.6 billiún cártaí don Nollag. Cheannaíonn mná thart is 85% des na cártaí vailintín. Chomh maith le Lá Vailintín a cheiliúradh in Éirinn , deintear é a cheiliúradh ins na Stáit Aontaithe, sa Fhrainc agus san Astráil. Bhí móréilimh ar bheannachtaí Vailintín chomh fada siar leis na Meánaoiseanna (ní rabhadar lámhscríofa go dtí 1400) agus tá an cárta Vailintín is sine ar taispeáint i Músaeim na Breataine. Is ins na Stáit Aontaithe a eisíodh na chéad chártaí beannachta trádála Vailintín le Esther A. Howland. D' aithníodh í mar mháthair Vailintín agus dhein sí iad i stíl ilchasta le lása, ribíní agus le pictiúir daite.

Foinse: www.History.com

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Teil: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimid an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimid chomh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Mháirt.
Le breis eolais a fháil glaoigh ar 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Siobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
18ú Feabhra le coinne, 087 6579894.
Cosliacht: Le coinne, 22ú Feabhra. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Luan.
Tuilleadh eolais ar fáil ó 026 47777.

Cóisir do Sheanóirí.

Beidh an chóisir do sheanóirí Chill na Martra/Réidh na nDoirí ar siúl san Ionad Áise, Réidh na nDoirí ar an 21ú lá den mhí seo ó 2.30 – 5.30 in.

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Tráthnóna le siamsaíocht agus spraoi.
18ú lá Feabhra 2.30 - 5in.
Taisteal ar fáil, cuir glaoch go luath le do thoil,
026 – 45661.

Scéalta, amhráin agus dánta áitiúla.

Ba mhaith linn scéalta, amhráin agus dánta ó Ghaeltacht Mhúscraí a bhailiú. Má tá scéal, dán, amhrán nó paidir a fhoghlaim tú ar scoil nó píosa stair faoi do cheantar ba mhaith linn é a chloisint. Chun teagmháil a dhéanamh linn cuir ghlaoch ar 026 – 45661.

Tréanna Éireannacha.

Goin-ré Aoine, ré Shathairn agus duibhré Dhomhnaigh, sin trí ré gan iontaoibh dea-aimsire.
The three moons that least predict good weather: a waning Friday moon, the new moon of a Saturday and a moonless Sunday Night.

Trí nithe nár tharla fós: nead ag luich i gcluais (clúid) cait, gnáthóg giorria i mbothán con, gé ar gor i bpluais madra rua.
Three things that have never been seen: a mouse's nest in a cat's basket, a hare's set in a hound's shed and a goose's nest in a fox's den.

Paidir do Naomh Gobnait.

Gobnait dob'í an ban-Naoimh raitear
Fuair go fial ó Dhia na Grástaí
Geanmnaíocht, is diacht is cáídheacht
Foirbhtheacht, fís is fíre, fáigeacht.

Ba feartúil í an Naoimh-bhean mhánla
Is an bantracht do bhí fé riail a láimhe
Eatora bhí idir oiche is lá dhóibh
Ceangal caoinis is cuíng sabhaílceach.

A Ghobnait glac é id' láimh agus dein
a shíochain le Mac Dé.

Cleas Inchinne.

Éiríonn sé níos báine nuair a éiríonn sé níos salaí, Cad é?
(What gets whiter the dirtier it gets?)

Dúcheist Tapaidh.

Chun an dúcheist seo a dhéanamh beidh ort na cúplaí cáiliúla seo a chuir le chéile. Tá an céad leath den cúpla sa ghreille cheana féin agus tá an leath eile sa liosta faoi an ngreille. Tá an chéad cheann déanta duit. Go néirí leat!
(In order to solve this puzzle you will have to match the famous couples. The first half of the couple is in the grid already and the other half is in the list below the grid. The first one has been done for you. Good luck!)

Anthony	Agus	Cleopatra
Samson	Agus	
Bonnie	Agus	
Romeo	Agus	
Ginger Rogers	Agus	
Napoleon	Agus	
Tarzan	Agus	
Robin Hood	Agus	
Torvill	Agus	
Adam	Agus	
Humphrey Bogart	Agus	
Spencer Tracey	Agus	
Marisa Callas	Agus	
Pongo	Agus	
Richard Burton	Agus	

Fred Astaire – Elizabeth Taylor – Jane
Maid Marion – Katherine Hepburn – Delilah
Josephine – Lauren Bacall – Aristotle Onassis
Clyde – Perdita – Eve – Juliet – Dean

Freagraí ón Mí seo caite.

Cleas Inchinne: An freagra ná Tom.

Naomh Gobnait. Lá Fhéile: 11ú'Feabhra.

Tá a lán scéalta againn mar gheall ar Naomh Gobnait. Bhí cruiceog beach, nó beachaire aici. Lá amháin tháinig lucht creiche go hiarthar an pharóiste agus rugadar leo stoc, caoirigh, capaill, muca agus aon earraí eile a d'fhéadadar a bhailiú. Dheineadar creachadh ceart ar na daoine. Bhí muintir na háite á leanúint ag iarraidh an ruaig a chuir ar na ropairí iasachta. Bhí Naomh Gobnait thuas i mBarra Na Leacan ina suí ina cathaoir, a bhí gearrtha amach as carraig, mar ba ghnáth léi. Bhí trua aici dos na daoine a bhí á scrios. Tharraing sí chuici an beachaire is shéid na beacha as agus níorbh fhada gur líon an gleann le beacha. Do luíodar ar na saighdiúirí a chealgadh agus do ghluais an cath idir na ropairí agus na beacha. Bhuaigh an tsaithe an lá orthu agus b'éigean do na saighdiúirí teitheadh – míorúilt. Bhí an chreach fágtha ina ndiaidh acu, gach rud slán folláin. Níor bhac na beacha ach leis na ropairí; ní nach ionadh, bhí urraim ag na daoine do Ghobnait ag filleadh abhaile dóibh go caithréimeach.

Tráth éigin tháinig tíoránach chun na háite agus thosnaigh sé ag tógaint caisleáin le hais na háite i bpáirc atá taobh thuaidh den Sulán, Páirc na Biochlainne. Bhí carraig, Carraig An Chaisleáin i mbarra na páirce agus ansin a bhí an caisleán le tógaint, mar a bhfuil Coláiste Íosagáin inniu. Le daoirseacht a bhí an obair le déanamh, is é sin ná faigheadh na fir aon phá. Dealraíonn sé nár thaitin sin le Gobnait, agus b'fhéidir nár thaitin an tíoránach léi ach chomh beag. Tosnaíodh ar an obair ach an méid a deintí sa ló leagtaí istoíche é. Faireadh é féachaint cé a bhí á leagadh. Ba ghnáth le Gobnait suí ina cathaoir gearrtha as carraig thuas i mBarra Na Leacan. Bhí sí i bhfíorbharr an mhullaigh ansin agus radharc maith aici ar an ndúiche ina timpeall. Tharraingíodh sí saghas bulla chuici agus chaitheadh sí leis an gcaisleán é agus leagadh sí obair an lae le haon chaitheamh amháin. Thagadh an bulla ar ais chuici ansin. Pé scéal é, d'éirigh an tíoránach as obair na tógála agus bhí áthas ar gach éinne go mór mhór na fir a bhí ag obair gan pá. Tá an bulla sin le feiscint inniu san almóir (niche) sa phinniúr thiar den teampall. Tá sé greamaithe ann agus déanann daoine fíor na croise trí huaire air agus cuimlíonn siad paidríní agus ribíní de chun iad a choisreacan. Cuimlím féin eochracha mo ghluaisteáin de i gcónaí. Tá an bulla déanta d'agáit.

B'é Dia féin a roghnaigh Gobnait a theacht chugainn agus a haingeal coimhdeachta a threoraigh anseo í. Tá a spiorad fós san áit agus deabhóid na ndaoine níos láidre ná riamh beimid faoi chomaoin aici go brách as an tslí a sheas sí linn agus a chosain sí sinn agus a thug aire dúinn le míle go leith bliain agus atá fós ag obair ar ár son.

Teampall Ghobnatan i rith am Chromail.

Ba am tubaisteach é seo do mhuintir na hÉireann. Bhí an Cónaidhm tar éis teip, fuair Eoghan Rua bás agus tháinig Cromail i dtír. Bhuaigh Broughuill ar an Easpag Mac Aodhagáin i Maigh Chromtha agus crochadh é níos déanaí. Dódh an caisleán. Chuala muintir Bhaile Bhúirne faoi ghníomhaithe Cromail i nDroichead Átha, i Loch Garman agus i gCluain Meala. Bhaineadar an díon den tséipéal agus chuireadar na bíomaí i bhfolach taobh thiar de charraig, i dtreo is nach bhféadadh fir Chromail é a úsáid mar stábla dos na capaill. Is as seo a tháinig an ainm Charraig an Adhmaid. Cuireadh an dealbh órga faoi thalamh ag an am céanna. Is cosúil gur léadh Aifrinn sa séipéal gan díon ar feadh tréimhse. Faoi Chromail tugadh talamh mhuintir Uí Iarlaithe do John Colthurst agus é mar úinéir air. Bhí ar Phádraig Ó hIarlaithe a bhaile a fhágaint agus ní raibh suíomh Teampall Ghobnatan ina mhaoin Chaitliceach a thuilleadh de réir an dlí. Ba cosúil go gcuireadh sé seo deireadh le deabhóid do Naomh Gobnait i nGort na Tiobratan ach is a mhalairt a tharla. Tá sé le feiscint ó thuairiscí a tugadh don Rialtas gur cabhraigh deabhóid do Naomh Gobnait go mór le linn tréimhse na bPéindlithe. Léadh Aifrinn faoi rún agus tháinig na daoine amach go hoscailte chun turais Ghobnatan a dhéanamh mar a dheineadar i gcónaí.